# Folúntas i gCoiste Athbhreithnithe Maoinithe na Gníomhaireachta Tithíochta

## Eolas faoin nGníomhaireacht Tithíochta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta ar bhonn riaracháin in 2010 agus cuireadh ar bhonn reachtúil í in 2012 faoin Ordú um an nGníomhaireacht Tithíochta agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 (I.R. Uimh. 264 de 2012 arna leasú le I.R. Uimh. 123 de 2022). Is é ról na Gníomhaireachta oibriú le hÚdaráis Áitiúla; Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tacú leo maidir le tithíocht agus seirbhísí tithíochta a sholáthar.

Is príomhchomhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta ag a bhfuil ról ríthábhachtach maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin tithíochta reatha na hÉireann agus tógáil pobal inbhuanaithe a chur chun cinn. Trí oibriú go dlúth leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla, le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) agus le príomhpháirtithe leasmhara eile san earnáil tithíochta, gníomhaíonn an Ghníomhaireacht mar lárionad eolais maidir le saincheisteanna tithíochta, trí sholáthar agus úsáid tithíochta agus seirbhísí tithíochta a bharrfheabhsú, agus trí shaincheisteanna a bhaineann le héileamh agus inacmhainneacht tithíochta a thuiscint agus freagairt dóibh.

Díríonn an Ghníomhaireacht ar sholáthar tithíochta agus ar thacaíochtaí tithíochta sóisialta. Tá baint ar leith aici le tacú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le beartas agus reachtaíocht tithíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cuireann an Ghníomhaireacht réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí comhroinnte lárnacha ar fáil dá pháirtithe leasmhara chun tacú leis an gcóras tithíochta foriomlán.

Amhail mí Iúil 2025, tá 230 ball foirne ag an nGníomhaireacht agus tá coinne leis go méadóidh an líon sin. Tá méadú suntasach tagtha ar ról agus ar shainchúram na Gníomhaireachta le blianta beaga anuas agus tá sí ag teacht chun cinn i gcónaí mar eagraíocht atá i gcomhréir le fócas an Rialtais ar thithíocht go ginearálta. Déanann an Ghníomhaireacht Tithíochta roinnt clár agus cistí a bhainistiú agus a oibriú a dteastaíonn measúnú agus dícheall cuí ina leith. Ina measc sin tá:

- Iasacht ar Chothromas Cíos de réir Costais
- An Ciste um Cheannach Talún
- Réadmhaoine a Cheannach
- Croí Cónaithe (Cathracha)
- Cíos Inacmhainne do Thionóntacht Shlán (Scéim Infheistíochta)

## An Coiste um Athbhreithniú Maoiniúcháin

Bhunaigh bord na Gníomhaireachta Tithíochta roinnt fochoistí, agus is an Coiste um Athbhreithniú Maoiniúcháin (CAM) ceann amháin acu sin. Déanann CAM scrúdú agus athbhreithniú ar thograí faoi scéimeanna an Rialtais ina bhfuil ról maoinithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Cuirfidh an Coiste moltaí faoi bhráid an Bhoird chun tacú lena ról maidir le cinntí a dhéanamh faoi mhaoiniú a fhaomhadh.

Feidhmíonn CAM de réir na dTéarmaí Tagartha arna bhfaomhadh ag an mBord. Tá sé beartaithe anois comhalta seachtrach a cheapadh in CAM agus dá bhrí sin táthar ag lorg iarratas ó iarrthóirí ar spéis leo an scéal.

## Folúntas agus Taithí Riachtanach

Tá an Coiste um Athbhreithniú Maoiniúcháin ag lorg léirithe spéise ó iarratasóirí a bhfuil taithí roimh ré acu ar mhaoiniú infheistíochta agus forbartha tithíochta san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí.

Ní mór do na hiarrthóirí taithí shuntasach a bheith acu ar an leibhéal sinsearach cuí in eagraíocht san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach chun tacú le bainistíocht airgeadais agus maoirseacht éifeachtach ar an nGníomhaireacht Tithíochta, agus na caighdeáin rialachais is airde á gcinntiú.

Ní mór do na hiarrthóirí cáilíocht ghairmiúil i gcuntasaíocht nó i mbancéireacht a bheith acu. Ní mór dóibh a bheith ábalta fianaise ar thaithí a léiriú, ar an leibhéal sinsearach cuí iontu seo a leanas:

- Seirbhísí Airgeadais agus Baincéireacht
- Anailís infheistíochta, atá ábalta samhlacha/faisnéis airgeadais chasta a mheas
- Eolas faoin earnáil réadmhaoine agus eastáit réadaigh

## Suíomh na gCruinnithe

Reáchtáiltear cruinnithe ar bhonn hibrideach. Beidh cruinnithe ina mbeidh na comhaltaí i láthair go pearsanta, más gá, ar siúl in oifigí na Gníomhaireachta Tithíochta atá suite ag 53 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath, D02 KT73.

## Luach Saothair

Is post é seo lena ngabhann luach saothair €400 in aghaidh an chruinnithe. Íocfar aon chostais riachtanacha a bhaineann le comhaltaí an Choiste de réir bheartas taistil agus cothaithe na hearnála poiblí freisin.

## Riachtanais Ama

Tagann an coiste le chéile roimh gach cruinniú Boird de ghnáth. Is é thart ar 11 chruinniú in aghaidh na bliana atá i gceist leis sin. Teastaíonn am chun ábhair a ullmhú agus a léamh roimh gach cruinniú.

## Coinbhleacht Leasa

Chun go gcáileoidh duine le haghaidh ceapacháin, ní mór nach mbeidh aon choinbhleachtaí leasa aige/aici a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcumas ról comhalta den Choiste um Athbhreithniú Maoiniúcháin a ghlacadh. Ba chóir d'iarrthóirí ionchasacha machnamh cúramach a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh aon choinbhleacht leasa ann.

Féadfaidh an Painéal Measúnaithe a chinneadh, bunaithe ar fhaisnéis a chuireann iarrthóirí ionchasacha isteach, go bhfuil fíorchoinbhleacht nó coinbhleacht bhraite ann.

Ba chóir aon fíorchoinbhleachtaí leasa nó aon choinbhleacht bhraite a phlé sa litir chumhdaigh. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh sé nach dtabharfaí an t-iarratas ar aghaidh lena bhreithniú.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, déileálfar le hiarratais faoi dhianrún. Déileáiltear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí faoi rún daingean agus ní nochtar iad d'aon duine, lasmuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas.

Baintear míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair, as taifid ríomhaire chun críocha ginearálta staidrimh.

## Próiseas na Léirithe Suime

I ndiaidh duit na critéir oiriúnachta ghinearálta le haghaidh ballraíochta i mBord Stáit a bhreithniú, ba cheart duit machnamh cúramach a dhéanamh ar mar a oireann do chúlra

agus do thaithí do na critéir cheapacháin shonracha atá leagtha amach sa chuid 'Taithí Riachtanach' sa leabhrán seo.

Ba chóir d'iarratas a sheoladh chuig *governance@housingagency.ie* mar aon le do **Curriculum Vitae** agus **Litir Chumhdaigh**. Ba chóir duit "Iarratas ar Fholúntas ar an g Coiste um Athbhreithniú Maoiniúcháin" a chur ar líne ábhair d'iarratais.

**NÓTA TÁBHACHTACH**

Bí cúramach agus do léiriú spéise á chur isteach agat.  Ós rud é go ndéanfaidh an Painéal Measúnaithe a mholadh/a mholtaí bunaithe ar bhreithniú na ndoiciméad a chuirfidh tú isteach, tá sé an-tábhachtach go ndéanfá an méid seo a leanas:

- A chinntiú go sonrófar go soiléir i do Litir Chumhdaigh (agus do CV tacaíochta) conas a chomhlíonann do chúlra agus do thaithí ar leith riachtanais an phoist ar an gCoiste atá sonraithe sa leabhrán seo.

Cuideoidh sé sin lena chinntiú go mbeidh a mhéid eolais is féidir ag an bPainéal Measúnaithe maidir le bunús d'iarrthóireachta agus maidir leis an bhfáth a gcreideann tú gur duine thú a d'fhéadfaí a cheapadh sa choiste seo.  **Ná tabhair ach eolas a bhaineann go díreach leis an ról ar leith a bhfuil tú ag cur isteach air.**

Má tá aon cheist agat maidir leis an bpróiseas iarratais, seol ríomhphost chuig *governance@housingagency.ie*.

## Dáta Deiridh

15:00 Dé hAoine an 19 Meán Fómhair 2025

## Cosaint Sonraí

Ba chóir Fógra Príobháideachais Iarratasóirí Poist na Gníomhaireachta Tithíochta a léamh sula gcuirfidh tú iarratas isteach, toisc go n-iarrfar ort do thoiliú a thabhairt don Ghníomhaireacht Tithíochta chun do shonraí a phróiseáil i gcomhréir leis na sonraí atá leagtha amach i bhFógra Príobháideachais Iarratasóirí Poist na Gníomhaireachta Tithíochta. Is féidir an Fógra Príobháideachais sin a fháil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta faoi Ghairmeacha nó tríd an nasc thíos:

Fógra Príobháideachais Iarratasóirí Poist na Gníomhaireachta Tithíochta (Gaeilge)